



An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí Public Appointments Service

LEABHRÁN EOLAIS

LÉIGH GO CÚRAMACH LE DO THOIL

Anailísí Polasaithe/Eacnamaí le Céim I Seirbhís Eacnamaíochta agus Measúnaithe Rialtas na hÉireann

(ag leibhéal an Oifigigh Riaracháin)



Irish Government Economic & Evaluation Service

Dáta dúnta: 3i.n. ar an 21 Deireadh Fómhair 2021
CID: 21240808

Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí tiomanta do pholasaí comhdheiseanna.

Reáchtálfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an comórtas seo de réir na gCód Cleachtais do cheapachán chuig poist sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí a d'ullmhaigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP).

Foilsíonn an CCSP Cóid Chleachtais agus tá siad ar fáil ar www.cpsa.ie

DÉAN TEAGMHÁIL LINN AG GRADUATE@PUBLICJOBS.IE
AN TSEIRBHÍS UM CHEAPACHÁIN PHOIBLÍ, ÁRAS NA CAIBIDLE
26 – 30 SRÁID NA MAINISTREACH UACHTARACH, BAILE ÁTHA CLIATH 1

URL: www.publicjobs.ie
Ríomhphost: graduate@publicjobs.ie

Cad í Seirbhís Eacnamaíochta agus Measúnaithe Rialtas na hÉireann?

Bunaíodh Seirbhís Eacnamaíoch agus Measúnaithe Rialtas na hÉireann (SEMRÉ) sa bhliain 2012. Seirbhís chomhtháite tras-Rialtais atá inti a chuidíonn le polasaithe níos fearr a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm sa Státseirbhís trí anailís a a dhéanamh ar shonraí agus ar pholasaithe. Cuireann an tSeirbhís deiseanna fostaíochta éagsúla ar fáil i Ranna Rialtais i róil anailíse i ngach réimse beartais (m.sh. iompar, tithíocht, oideachas, caomhnú sóisialta, gníomhú ar son na haeráide srl.), chomh maith le tuar maicreanamaíoch, caiteachas poiblí agus beartas fioscach.

Tá SEMRÉ ag tabhairt faoi chumas measúnaithe a fhorbairt ar fud na Státseirbhíse agus modh atá bunaithe ar fhianaise a dhaingniú i dtaca le hanailís, ceapadh agus le beartas poiblí a chur i bhfeidhm. Beidh seo ina chuidiú maidir le torthaí níos fearr a bhaint amach ó thaobh beartais de chomh maith le luach ar airgead níos fearr don phobal.

Cuspóir

Is iad seo a leanas cuspóirí SEMRÉ:

- seirbhís ghairmiúil anailíse beartais a fhorbairt agus a chothú laistigh den Státseirbhís;
- a chinntiú go gcuirtear dea-chleachtas i bhfeidhm i dtaca le sonraí a úsáid agus hanailís ar bheartas mar chuidiú chun luach ar airgead níos fearr a bhaint amach chomh maith le beartas poiblí níos éifeachtaí; agus
- comhrá a oscailt faoi bheartas le lucht acadúla, le saineolaithe seachtracha agus le páirtithe leasmhara san earnáil shocheacnamaíoch i gcoitinne.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag <http://igees.gov.ie/>

An Ról

Tá ról d'Anailísí Polasaithe/d'Eacnamaí le Céim de chuid SEMRÉ ar fáil i ngach Roinn Rialtais. Braitheann an obair ar riachtanais na Ranna ach bheadh ceann amháin, nó níos mó, de na nithe thíos i gceist de ghnáth:

- Beartas náisiúnta a fhorbairt i réimsí éagsúla;
- Uirlisí agus modhanna sonraí, cainníochtúla agus cáilíochtúla a úsáid chun anailís agus measúnú a dhéanamh ar bheartas;
- Measúnú a dhéanamh ar réimsí suntasacha caiteachais i gcomhréir leis an gCód Caiteachais Phoiblí;
- Samhaltú agus réamhaisnéisiú eacnamaíochta a dhéanamh;
- Eolas agus comhairle a thabhairt d'oifigigh shinsearacha agus d'Airí;
- Comhairle agus treoir theicniúil a thabhairt chun rialachas éifeachtach a chinntiú.

Oiliúint agus Forbairt

Gné thábhachtach d'fhorbairt SEMRÉ is ea foghlaim agus forbairt leanúnach dá mbaill chun go gcothaítear agus go bhfeabhsaítear scileanna ábhartha anailíse, eacnamaíochta agus measúnaithe. Áirítear anseo oiliúint ionductaithe (bun- agus ard-oiliúint), mar aon le freastal ar mhoduil ardoiliúna, mháistir-ranganna srl. Mar chuid den fhoghlaim agus den fhorbairt, is féidir go n-iarrfar ar an gceapaí cáilíochtaí acadúla sa bhreis a bhaint amach, tascanna agus tréimhsí gearra ar iasacht a dhéanamh le forais/comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Glacann Anailísithe Polasaithe/Eacnamaithe le Céim de chuid SEMRÉ páirt chomh maith i gclár bliana do chéimithe, a chlúdaíonn na príomhinniúlachtaí atá riachtanach chun a bheith ag obair go héifeachtach sa Státseirbhís.

Sonraí an Duine

Beidh an ceapaí(aithe) in ann uirlisí agus modhanna i dtaca le hanailís eacnamaíoch agus bheartais a úsáid chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt bheartais agus do chinnteoireacht chun cuidiú leis an leas is fearr a bhaint as acmhainní ganna sa Rialtas. Ina theannta sin, beidh siad in ann na hinniúlachtaí atá de dhíth don ról a léiriú.

Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt	Duine atá réamhghníomach agus iad á c(h)oineáid féin ar an eolas faoi cheisteanna agus faoi fhorbairtí tábhachtacha ar féidir leo tionchar a bheith acu ar bheartas Rialtais.
	Cothromaíocht a chur i bhfeidhm idir ceisteanna eacnamaíocha agus an réimse sóisialta agus polaitíochta i gcoitinne ar mhaithe leis an leas náisiúnta
Anailís Bheartais	Smaoineamh go hanailíseach agus go hoibiachtúil faoi cheisteanna eacnamaíocha agus faoi cheisteanna a bhaineann le beartas sóisialta
	Foinsí sonraí cuí a aithint agus a úsáid agus anailís a dhéanamh ar shonraí, ag baint úsáid as teicnící cainníochtúla agus cáilíochtúla
Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide	Achoimre éifeachtach a dhéanamh ar eolas, agus na pointí is tábhachtaí a tharraingt amach go beacht
	Eolas casta a chur ar fáil go soiléir agus go simplí, ionas gur féidir le daoine nach speisialtóirí iad é a thuiscint
	In ann obair a dhéanamh le daoine eile go héifeachtach agus in ann líonraí comhoibrithe a fhorbairt
Cinntí a Dhéanamh agus Torthaí a Sholáthar	A bheith in ann roinnt sruthanna oibre a bhainistiú agus cothromaíocht a chur i bhfeidhm idir tosaíochtaí práinneacha agus tionscadail níos fadtréimhsí
	Solúbthacht maidir le bheith ag obair ar thascanna éagsúla a bhfuil leibhéal éagsúla chastachta iontu
	Duine atá seiftiúil agus cruthaitheach agus a cheapann modhanna nuálacha chun fadhbanna a réiteach agus cinntí a dhéanamh
Díograis agus Tiomantas do Chaighdeán Seirbhíse Poiblí	Suim ar leith a bheith acu i gcúrsaí eacnamaíochta, polaitiúla agus sóisialta i gcoitinne agus fonn cur le geilleagar agus sochaí a ndéantar bainistíocht mhaith uirthi
	A bheith díograiseach, dearfach dian in ainneoin deacrachtaí leanúnacha.

Soghluaiseacht

Gné thábhachtach is ea soghluaiseacht na mball foirne i dtaca le cumas a chruthú agus le baill foirne a fhorbairt i SEMRÉ. Mar chuid den ghnáthfhorbairt ghairme bíonn sé de dhualgas ar bhaill foirne bogadh go haonaid eile de chuid SEMRÉ i Ranna Rialtais éagsúla go rialta.

Cáilíochtaí Riachtanacha

Ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a bheith acu:

1. (i) bunchéim onóracha, 2.1 ar a laghad (Leibhéal 8, ar a laghad, ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí) in ábhar **a bhfuil dlúthbhaint aige leis an anailís sonraí**, mar shampla Eacnamaíocht, Eolaíocht Shóisialta/Anailís ar Bheartas nó Staidreamh **ar an, nó roimh an, 31 Nollaig 2021**

nó

(ii) céim Mháistreachta (Leibhéal 9, ar a laghad, ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí) in ábhar **a bhfuil dlúthbhaint aige leis an anailís sonraí**, mar shampla Eacnamaíocht, Eolaíocht Shóisialta, Anailís ar Bheartas nó Staidreamh **faoin 2 Meán Fómhair 2022 a a dhéanaí;**

agus

(iii) na hinniúlachtaí don ról atá leagtha amach i Sonraí an Duine (níos mó eolais in Aguisín 1) a léiriú.

Táthar ag súil leis go mbeidh siad sin atá nua-earcailte in ann cur go mór le hobair na Státseirbhíse ón tús. Cé gur 'ar an láthair' a bheidh cuid mhór den oiliúint, cuirfear cúrsaí ionductaithe agus oiliúna i scileanna agus i réimsí ar leith oibre ar fáil chun cuidiú leat a bheith ar an eolas faoin earnáil phoiblí.

NÓTA: Is féidir nach gcinnteofar cáilíochtaí/cáilítheacht go dtí an chéim dheireanach sa phróiseas, mar sin i gcás iarrthóirí nach bhfuil na riachtanais iomlána acu, **ar an dáta atá luaite thuas** agus a théann ar aghaidh lena n-iarratas, tá siad ag cur costais/dua gan ghá orthu féin agus ní thairgfear an post dóibh san fheachtas seo.

Bí ar an eolas, le do thoil, nach féidir leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí comhairle a thabhairt faoi cháilíochtaí/cháilítheacht an duine mura gcuirtear iad faoi mheas mar gheall ar líon na n-iarratas. Ní mór don iarrthóir a chinntiú go bhfuil na riachtanais cháilítheachta a luaitear thuas acu. Tá sé de cheart ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a shocrú ag staid ar bith nach bhfuil iarrthóir i dteideal má cheapann siad nach bhfuil an cháilítheacht/cáilíochtaí riachtanacha acu m.sh. ón bhfoirm iarratais a cuireadh isteach. Beidh ar iarrthóirí atá á gcur faoi mheas tar éis staid dheiridh an roghnaithe fianaise i ndoiciméid a thabhairt faoina gcáilítheacht, cáilíochtaí san áireamh. Is féidir go dtógfar amach as an gcomórtas am ar bith aon iarrthóir nach bhfuil in ann a thaispeáint go bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha acu. Ní hionann cuireadh chuig scrúdú, cuireadh chun agallaimh nó chuig aon ghné den phróiseas roghnaithe agus a rá go bhfuil tú incháilithe.

Sláinte & Dea-Cháil

Ní mór sláinte mhaith a bheith ag iarrthóirí, ní mór dóibh a bheith in ann an obair a thugtar dóibh a dhéanamh agus ní mór dea-cháil a bheith orthu chomh maith. Beidh ar dhaoine atá faoi mheas do phost dearbhú sláinte agus carachtair a shíniú. Lorgófar teistiméireachtaí. Tá imréiteach slándála speisialta ag teastáil do phoist áirithe agus ní mór foirm a chomhlíonadh ionas gur féidir leis na Gardaí scrúdú a dhéanamh uirthi. Sa chás go mbeadh coimhlint leasa ann, is féidir nach gcuirfí iarrthóirí faoi mheas do phoist áirithe.

Le cloí le treoirínite is déanaí an Rialtais maidir leis an tsábháilteacht phoiblí, tá sé i gceist go mbeidh difríochtaí idir na modhanna measúnaithe an chomórtais seo agus na modhanna measúnaithe as ar baineadh úsáid i gcomórtais roimhe seo mar gheall ar Covid-19. Mar sin, moltar do gach iarrthóir scrúdú cúramach a dhéanamh ar aon chomhfheagras nó ar aon ábhar eolais a fhaigheann siad roimh thús gach céime.

Cáilitheacht chun iarratas a dhéanamh agus Srianta Áirithe maidir le Cáilitheacht

Riachtanais Saoránachta

Ní mór d'iarrthóirí Incháilithe:

- (a)** a bheith ina s(h)aoránach den Limistéar Eacnamaíoch Eorpach (LEE). Is iad tíortha an Aontais Eorpaigh chomh maith leis an Íoslainn, an Lichtinstéin agus an Iorua tíortha an LEE; **nó**
- (b)** Caithfidh an t-iarrthóir a bheith ina s(h)aoránach den Ríocht Aontaithe (RA); **nó**
- (c)** A bheith ina s(h)aoránach den Eilvéis, de réir an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; **nó**
- (d)** A bheith ina s(h)aoránach neamh-LEE, atá ina c(h)éile nó ina p(h)áiste de chuid duine atá ina s(h)aoránach LEE nó ina s(h)aoránach Eilvéiseach agus a bhfuil víosa stampa 4 acu; **nó**
- (e)** A bheith ina dhuine ar tugadh cosaint idirnáisiúnta dóibh de réir an Achta um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, nó ina b(h)all teaghlaigh a bhfuil sé de cheart acu fanacht sa Stát de thoradh athaontaithe teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 acu nó
- (f)** A bheith ina s(h)aoránach neamh-LEE, atá ina t(h)uismitheoir de chuid páiste atá ina s(h)aoránach LEE agus a bhfuil cónaí orthu i mballstát de chuid an LEE nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 acu

Le bheith i dteideal, ní mór d'iarrthóirí ceann amháin de na critéir saoránachta thuas a chomhlíonadh roimh an dáta a ndéantar tairiscint ar phost ar bith.

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta do Sheirbhísigh Phoiblí

Thug litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe den 28 Meitheamh 2012 chuig Oifigigh Phearsanra isteach Comhaontú Comhchoiteann a socraíodh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí an ICTU maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia do Sheirbhísigh Phoiblí, le bheith i bhfeidhm ón 1 Meitheamh 2012. Tá sé mar choinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a ghlacann leis an gcomhaontú i dteideal fostaíochta arís sa tseirbhís phoiblí ó aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 – 2011) ar feadh tréimhse de 2 bhliain ó chríochnaigh an fhostaíocht. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an Scéim Dheonach Luathscoir seo agus a d'éireodh leo sa chomórtas seo a dteidlíocht a chruthú (críoch le tréimhse gan bheith i dteideal).

Scéim Dhreasaithe Luathscoir (SDL):

Tá sé mar choinníoll den Scéim Dhreasaithe Luathscoir (SDL), mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais, nach féidir le daoine ar scor, faoin Scéim sin, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó sa rannán céanna. Mar sin, ní féidir le daoine dá leithéid atá ar scor iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

Ciorclán (7/2010) na Roinne Sláinte agus Leanáí

Thug Ciorclán 7/2010 na Roinne Sláinte den 1 Samhain 2010 Scéim Spriocdhírithé Luathscoir Dheonach agus Scéimeanna Deonacha Iomarcaíochta (SDI) isteach. Tá sé mar choinníoll den Scéim Dheonach Luathscoir nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim i dteideal a bheith fostaithe arís in earnáil na sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne nó i bhforas a fhaigheann maoiniú i bpáirt nó go hiomlán ó airgead poiblí. Tá an cosc céanna ar athfhostaíocht i bhfeidhm faoin SDI ach go maireann an tréimhse choiscthe 7 mbliana. Níl duine ar bith a ghlac páirt sa SDI i dteideal iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas. Beidh ar dhaoine a ghlac leis an SDI agus a dteidlíocht a chruthú (críoch le tréimhse gan bheith i dteideal) má éiríonn leo sa chomórtas seo.

(Litir LG(P) 05/2013) na Roinne Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil

Chuir Imlitir LG (P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil Scéim Dheonach Luathscoir i bhfeidhm d'Údaráis Áitiúla. De réir théarmaí an *Chomhaontaithe: Íocaíochtaí Iomarcaíochta do Sheirbhísigh Phoiblí* den 28 Meitheamh 2012, mar a shonraítear thuas, is coinníoll den Scéim Dheonach Luathscoir sin nach mbeidh fostaithe i dteideal a bheith fostaithe arís i bhforas Seirbhíse Poiblí ar bith [mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 – 2011 agus in Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 ar feadh tréimhse de dhá bhliain ón dáta a fhágann siad faoin Scéim seo. Beidh na coinníollacha seo i bhfeidhm sa chás go mbaintear feidhm as seirbhís ar bhonn conartha (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chonraitheoir).

Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint nach ndeimhneoidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (i) cáilitheacht don chomórtas, (ii) sláinte agus leibhéal na saoire bhreiteachta, (iii) caighdeán oibre sa ghrád reatha, (iv) deimhniú go bhfuair an t-iarrthóir "Dualgais Comhlíonta go hIomlán" sa Mheasúnú ag Athbhreithniú CBFF Dheireadh na Bliana, agus (v) iompar ginearálta go dtí go gcuirfead iarrthóir faoi mheas do cheapachán. Má ligtear do dhuine iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas, nó ar aon staid roghnaithe den chomórtas, ní hionann sin is a rá go nglacann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí leis. Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas go háirithe nach mbeidh na nithe thuas, sláinte agus saoire bhreiteachta de chuid na ndaoine a dtugtar cuireadh chuig agallamh dóibh san áireamh, deimhnithe ag an Oifigeach Pearsanra - dá bhrí sin, má ligtear iarrthóir isteach ar an gcomórtas, nó ar aon staid roghnaithe den chomórtas, ní hionann sin is a rá go gcomhlíonann iarrthóirí na critéir cháilitheachta lena n-áirítear sláinte agus saoire bhreiteachta.

Nuair atá oiriúnacht iarrthóra do cheapachán, maidir le sláinte agus saoire bhreiteachta, faoi mheas, cloífidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le Ciorclán 6/2014 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Moltar d'iarrthóirí a bhfuil amhras orthu faoi aon ghné dá gcáilitheacht a gcás a shoiléiriú leis an Rannóg Phearsanra sula dtéann siad ar aghaidh lena n-iarratas.

Dearbhú:

Beidh ar iarrthóirí a dheimhniú ar ghlac siad páirt roimhe seo i scéim dhreasaithe luathscoir de chuid na Seirbhíse Poiblí. Beidh ar iarrthóirí chomh maith aon teidlíocht atá acu ar shochar pinsin Státseirbhíse (trí íocaíocht nó trí leasú) ó aon fhostaíocht eile de chuid na Seirbhíse Poiblí a dhearbhu agus/nó má fuair siad íocaíocht in ionad maidir le seirbhís i bhfostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí.

An Próiseas Iarratais agus Roghnaithe

Gnéithe Praiticiúla

- Ní mór iarratais a dhéanamh ar líne trí www.publicjobs.ie.
- Sula ndéantar iarratas, ní mór d'iarrthóirí "Cuntas Úsáideora" a bheith acu ar www.publicjobs.ie. Mura bhfuil sé déanta agat cheana, ní mór duit clliceáil ar 'Logáil Isteach' ar leathanach baile publicjobs agus clárú mar '**Úsáideoir Nua**' chun do phróifíl a chruthú (cláraigh Cuntas Nua).
- Mura gcuimhníonn tú sonraí do phróifíle, ná cruthaigh an dara próifíl mar go bhféadfadh seo d'iarratas a dhéanamh neamhbhaílí.
- Bí ar d'aire nach ionann clárú (Próifíl a Chruthú) agus iarratas a chur isteach. Nuair atá Próifíl cruthaithe agat, ní mór duit an fhoirm iarratais a fháil, a chomhlíonadh agus a chur isteach.
- Ní mór d'iarrthóirí a seoladh ríomhphoist bailí **féin** a úsáid. **Ní ghlacfar** le seoltaí ríomhphoist ó thríú páirtithe agus is féidir go gcuirfidh siad d'iarratas ar ceal. Ní thabharfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí eolas faoi iarratais ach don iarrthóir amháin agus ní thabharfaidh siad eolas do thríú páirtí ar bith.
- Tá sé tábhachtach go gcoinníonn tú d'ainm úsáideora agus do phasfhocal mar go mbeidh an t-eolas seo ag teastáil uait chun teacht ar do Chlár Teachtaireachtaí ar Publicjobs.
- Moltar go láidir duit gan an seoladh ríomhphoist nó uimhir an teileafóin póca a athrú le linn an fheachtais earcaíochta seo, mar go gcuirfear aon ríomhphost/teachtairacht téacs chuig an seoladh ríomhphoist/uimhir theileafóin a tugadh ar dtús.
- Is ar líne a dhéanfar teagmháil le hiarrthóirí le linn an phróisis iarratais den chuid is mó. Seolfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an chuid is mó den chumarsáid chugat trí do Chlár Teachtaireachtaí publicjobs. Moltar duit féachaint ar do Chlár Teachtaireachtaí go rialta mar is féidir go n-aistreofaí fógraí ríomhphoist faoi shonraí nua/ tástálacha a chuirtear chuig Clár na dTeachtairachtaí chuig do chomhad ríomhphoist do Dhramhail/Thurscar (nó 'Promotions' i gcás gmail). Moltar duit freisin féachaint ar na comhaid seo ar fad go minic.
- Ní bheidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí freagrach as cumarsáid nár oscail nó nach bhfuair an t-iarrthóir. Ní mór dóibh a chinntiú go bhféachann siad go rialta ar a gClár Teachtaireachtaí agus go bhfaigheann siad gach cumarsáid a chuireann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chucu.
- Má thugtar cuireadh duit chuig tástálacha agus/nó agallamh, is faoin iarrthóir féin atá sé a bheith ar fáil ar an dáta(i) a shonraíonn an tSCP. Mura bhfuil tú i láthair ar an dáta/ag an am cuí, glacfar leis gur tharraing tú siar as an gcomórtas.

Conas Iarratas a Dhéanamh

Clliceáil ar an gcnaipe 'Déan Iarratas Anois' chun an fhoirm iarratais a fháil. Tá an cnaipe seo ar fáil ag deireadh an leathanaigh ar a bhfógraítear poist d'Anailísí Beartais/Eacnamaí le Céim ag www.publicjobs.ie. Ní mór duit an fhoirm iarratais a chomhlíonadh go hiomlán agus clliceáil ar an gcnaipe 'Cuir Isteach'.

Má tá an brabhsálaí gréasáin “Chrome” in úsáid agat agus má fheiceann tú leathanach bán ar a bhfuil an teachtaireacht ‘**fan nóiméad..**’, nuair a dhéanann tú iarracht an fhoirm iarratais PDF a íoslódáil, dún Chrome go sealadach agus cliceáil faoi dhó ar an íocón don fhoirm iarratais PDF san fhilleán ‘Íoslódálacha’. Nó cliceáil ar dheis ar an íocón don fhoirm PDF agus roghnaigh ‘Oscail le’ ón liosta anuas, ansin roghnaigh ‘Adobe’. Bí cinnte go bhfuil Adobe socraithe mar do Léitheoir réamhshocraithe PDF.

Chomh luath agus a chuireann tú d'fhoirm iarratais isteach, moltar duit filleadh ar do chuntas publicjobs agus a chinntiú go bhfuil sé curtha isteach trí '**M'Iarratais**'. Ag an staid seo ba chóir duit publicjobs.ie a chur le do liosta de dhaoine nó de theagmhálaithe sábháilte i do chuntas ríomhphoist chun nach gcuirfead cosc ar ríomhphoist ó publicjobs.ie.

Ní ghlacfar ach le hiarratais atá comhlíonta go hiomlán agus a chuirtear isteach ar líne san fheachtas. **Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta dúnta. Ní féidir le duine ach iarratas amháin a dhéanamh.** Má ligtear do dhuine iarratas a dhéanamh ar an bhfeachtas seo, nó má thugtar cuireadh chucu tabhairt faoi ghné ar bith den phróiseas roghnaithe, ní hionann sin agus a rá go nglacann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí nó aon fhoras eile leis go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais ar fad.

Dáta Dúnta

Is é an dáta deireanach ar a nglacfar le hiarratais chomhlíonta ná **3.00in ar an Déardaoin 21 Deireadh Fómhair 2021.**

Mura bhfaigheann tú admháil faoi d'iarratas taobh istigh de dhá lá oibre ó lá d'iarratais, cliceáil ar d'fhilleán do Dhramhaíl/Thurscar' mar gur féidir fógraí i ríomhphost a dhíriú isteach i bhfillteáin do Dhramhaíl/ Thurscar (nó 'Promotions' i gcás Gmail). Sa chás nach bhfuair tú an admháil fós, seol ríomhphost chuig graduate@publicjobs.ie agus cuir isteach d'ainm, UA iarrthóra agus sonraí teagmhála. Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas go mbeidh tacaíocht ar fáil le linn uaireanta oifige go dtí an dáta dúnta.

Próiseas Roghnaithe

Beidh roinnt gnéithe i gceist sa phróiseas roghnaithe don chomórtas seo. Is féidir go mbeidh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas i gceist:

- Ceistneoir Measúnaithe ar líne a chomhlíonadh;
- Triail(acha) ar líne agus/nó triail(acha) ar páipéar;
- Gearrliostú;
- Agallamh físe ar líne;
- Trialacha teanga (labhartha agus/nó scríofa);
- Agalla(i)mh lomaíoch;
- Cur i láthair/Anailís a dhéanamh;
- Triail shamplach oibre nó cleachtadh eile a cheaptar atá riachtanach.

Ní mór d'iarrthóirí dul san iomaíocht agus an áit is airde a bhaint amach chun go gcuirfí iad faoi mheas le dul ar aghaidh chuig an gcéad staid eile den phróiseas roghnaithe ina bhfuil staideanna éagsúla. Socróidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ó am go ham an líon daoine a gheobhaidh cuireadh ag gach staid.

Gearrliostú

Go hiondúil, is mó i bhfad na hiarratais a fhaightear ná líon na bpost a bhíonn ann, idir na folúntais reatha agus na folúntais a mbeifear á líonadh amach anseo. In ainneoin go gcomhlíonann tú riachtanais cháilitheachta an chomórtais, féadfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí socrú ar líon teoranta de na hiarrthóirí a chur faoi thriail/agallamh má bhíonn an oiread sin iarrthóirí is nach mbeadh sé indéanta gach duine a chur faoi thriail/agallamh. Sa chás seo, cuireann an tSeirbhís

um Cheapacháin Phoiblí próiseas gearrliostaithe i bhfeidhm chun líon iarrthóirí, a bhfuil an dealramh orthu gurb iad is oiriúnaí don phost tar éis na foirmeacha iarratais a iniúchadh, a roghnú le dul faoi thriail agus/nó agallamh. Ní hionann sin is a rá go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach, nó nach bhfuil siad in ann tabhairt faoin bpost, ach go bhfuil iarrthóirí áirithe atá níos cáilithe agus/nó a bhfuil níos mó cáilíochtaí agus/nó taithí ábhartha acu.

Tugann bord saineolaithe treoir don tSeirbhís um Cheapacháin Phoblí le linn cibé próisis ghearrliostaithe faoina dtabharfaí, Bord a dhéanann na foirmeacha iarratais a iniúchadh agus a mheas de réir critéar réamhcheaptha atá bunaithe ar riachtanais an phoist. Is chun do leasa féin é, mar sin, mionchuntas cruinn ar do cháilíochtaí agus ar an taithí atá agat a sholáthar ar an bhfoirm iarratais, lena n-áirítear ceisteanna a iarrann ort cur síos a dhéanamh ar do chumas i ngnéithe tábhachtacha.

Cleachtadh Cás-Staidéir

Is é atá i gceist leis an gcleachtadh cás-staidéir ná athbreithniú a dhéanamh ar chás-staidéar gearr agus teacht ar chonclúidí bunaithe ar do chumas anailís a dhéanamh ar an eolas a chuirtear ar fáil agus tarraingt ar na scileanna agus ar an eolas ábhartha atá agat. Cuirfidh tú do réasúnaíocht agus do chonclúidí i láthair i nóta gearr scríofa agus déanfaidh tú plé orthu le bord measúnaithe cás-staidéir. Ní bheifear ag súil leis go mbeidh mioneolas nó saineolas agat ar cheisteanna bhaineann leis an mbeartas poiblí sa chás-staidéar.

Iarrthóirí faoi Mhíchumas

Iarrtar ar iarrthóirí a shonraíonn ina n-iarratas nó ina bpróifíl gur mhaith leo leas a bhaint as socruithe réasúnta tuairisc leighis nó tuairisc ó shíceolaí a chur isteach. Is é is cúis leis an tuairisc eolas a thabhairt don tSCP ionas gur féidir cóiríocht réasúnta a chur ar fáil más cuí.

Ba chóir na tuairiscí seo a chur chuig an aonad Seirbhísí Measúnaithe, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, Áras na Caibidle, 26-30 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1 roimh am dúnta gnó ar **an Déardaoin 21 Deireadh Fómhair 2021**. **Ní mór duit cóip scanta den tuairisc a sheoladh chuig asu@publicjobs.ie** trí mheán an ríomhphoist.

Má rinne tú iarratas ar chomórtas cheana leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus má chuir tú tuairisc isteach, seol ríomhphost chuig asu@publicjobs.ie lena dheimhniú go bhfuil do thuairisc fós faoi taifead.

Más mian leat plé a dhéanamh ar d'iarrthóireacht agus ar chóirocht réasúnta ar féidir léi cabhrú leat le linn an phróisis earcaíochta, téigh i dteagmháil lenár dTacadóir Míchumais, Amanda Kavanagh, ar [Leathanach maidir leis an Inrochtaineacht](#). Le tuilleadh eolais a fháil ar inrochtaineacht ár seirbhíse, féach ar ár [Leathanach maidir leis an Inrochtaineacht](#)

Coinníollacha Ceapacháin

Beidh na gnáthchoinníollacha ceapacháin i bhfeidhm maidir leis an bpost mar Anailísí Beartais/Eacnamaí Céimithe sa Státseirbhís. Nuair a cheaptar duine, beidh tréimhse phromhaidh aon bhliana sa phost i gceist don cheapaí. Roimh dheireadh na tréimhse promhaidh seo, déanfar cinneadh faoi cheapachán cinnte sa ghrád.

Nóta tábhachtach do státseirbhísigh reatha

Ní mór do státseirbhísigh reatha a chuireann isteach ar an gcomórtas seo agus n-éiríonn leo an t-eolas seo a leanas a thabhairt faoi deara: má ghlacann siad le tairiscint ar cheapachán mar Oifigeach Riaracháin ó phainéal a bhunófar faoi gcomórtas seo, **ní bheidh siad cáilithe** dul san iomaíocht i, nó ceapacháin a fháil ó chomórtas inmheánach nó idir-rannach státseirbhíse **do ghrád an Ardoifigh Feidhmiúcháin nó do ghrád ar aon chéim leis seo**.

Príomhchoinníollacha Seirbhíse

Ginearálta

Ceapachán i bpost buan sa Státseirbhís atá ann atá faoi réir ag Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go dtí 2005, ag an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004, agus ag cibé Acht eile atá i bhfeidhm idir an dá linn i dtaca leis an Státseirbhís.

Íocaíocht

Beidh an Gnáthscála Tuarastail d'Oifigeach Riaracháin (OR) i gceist don phost seo.

Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin

Tá an tuarastal RPP don phost seo, i bhfeidhm ón **1 Deireadh Fómhair 2020**, mar seo a leanas:

€33,053	€35,546	€36,257	€39,378	€43,372	€46,112	€49,454
€52,505	€55,547	€58,578	€60,679 (IFS1)	€62,776 (IFS2)		

Tá an ráta RPP i bhfeidhm nuair a chaithfidh an duine Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin (nó ranníocaíocht príomhscéime, mar a thugtar uirthi chomh maith), de réir rialacha a bpríomhscéime/a scéime pearsanta aoisliúntais. Ní hionann sin agus an ranníocaíocht a dhéantar mar bhall de scéim do Chéilí agus do Leanaí, nó na Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Eile.

Beidh ráta eile i gceist mura gcaithfidh an ceapaí Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin a dhéanamh.

Beidh ráta éagsúil i bhfeidhm más státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí an ceapaí agus má earcaíodh iad roimh an 6 Aibreán 1995 agus **mura gcaithfidh** siad faoin dlí Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin a dhéanamh.

Nóta Tábhachtach

Tosófar ag an bpointe is ísle den scála tuarastail agus ní féidir é a phlé agus is féidir go n-athrófaí an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais.

Má tá an obair sásúil, íocfar incrimintí ag teacht le Polasaí reatha an Rialtais.

Aontóidh tú go n-íocfar aon ró-íocaíocht de thuarastal, liúntais nó costais ar ais de réir Chiorclán 07/2018; Aisghabháil Ró-íocaíochtaí Tuarastail, Liúntais agus Costas a dhéantar do Bhaill Foirne/Iar-Bhaill Foirne/ Pinsinéirí.

Tionacht agus Promhadh

Ceapachán ar chonradh promhaidh do phost buan sa Státseirbhís atá anseo.

Mairfidh an conradh promhaidh ar feadh tréimhse de bhliain amháin ón dáta atá sonraithe sa chonradh. D'ainneoin an ailt seo agus an ailt díreach ina dhiaidh seo thíos, ní chuirfidh seo cosc ar shíneadh an chonartha phromhaidh i gcúinsí cuí.

Le linn do thréimhse promhaidh beidh do chuid oibre faoi réir ag athbhreithniú a dhéanfaidh do mhaoirseoir(i) chun na nithe seo a leanas a chruthú:

- (i) Go bhfuil do chuid oibre sásúil,
- (ii) Gur iompair tú tú féin ar bhealach sásúil, agus
- (iii) Go bhfuil tú oiriúnach ó thaobh na sláinte de, go háirithe maidir leis an tsaoire bhreiteachta.

Sula dtiocfaidh deireadh leis an gconradh promhaidh déanfar cinneadh maidir le cé acu a choinneofar nó nach gcoinneofar thú de bhun *Ailt 5A(2) d'Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 – 2005*. Déanfar an cinneadh seo a bhunú ar an gcaoi ar chruthaigh tú tú féin le hais na gcritéar a leagtar amach in (i) go dtí (iii) thuas. Míneofar mionsonraí an phróisis phromhaidh don cheapaí agus tabharfar cóip de threoirilínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis an tréimhse phromhaidh dóibh.

In aineoinn na n-alt roimhe seo sa mhír seo, is féidir le ceachtar den dá thaobh deireadh a chur leis an gconradh promhaidh tráth ar bith roimh dheireadh thréimhse an chonartha de réir an Achta um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 – 2005.

I gcásanna áirithe is féidir síneadh a chur leis an gconradh agus an tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí. Ní mór don dá thaobh toiliú leis an síneadh.

- Cuirtear an tréimhse phromhaidh ar fionraí nuair atá an té a cheapfar as láthair mar gheall ar Shaoire Mháithreachais nó Shaoire Uchtaithe.
- Maidir le duine atá as láthair mar gheall ar Shaoire Thuismitheora nó mar gheall ar Shaoire Chúramóra, is féidir go mbeidh ar an bhfostóir an tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí má cheaptar nach mbeadh sé oiriúnach leanúint leis an tréimhse phromhaidh
- Is féidir an tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí sa chás go mbíonn oifigeach as láthair de bharr breoiteachta neamh-athfhilltí.

I gcásanna den chineál seo is féidir leis an bhfostaí iarratas a chur faoi bhráid an fhostóra chun síneadh a chur le tréimhse an chonartha.

Ní mór do gach ceapaí tréimhse phromhaidh aon bhliana a dhéanamh. Sa chás go raibh ceapaí a dteipeann orthu coinnoíllacha an phromhaidh a chomhlíonadh ina státseirbhíseach díreach roimh a gceapachán ón gcomórtas seo, is iondúil go dtiocfaidh ceist an fhillte chun tosaigh. I gcás an fhillte, rachaidh an t-oifigeach ar ais i bhfolúntas sa ghrád a bhí acu roimhe seo sa Roinn ina raibh siad roimhe seo.

Uaireanta freastail

Beidh na huaireanta freastail de réir mar a shocraítear iad ó am go ham agus ní bheidh siad níos lú ná 43 huairé an chloig agus 15 nóiméad san iomlán in aghaidh na seachtaine. Beidh ar an duine a cheapfar uaireanta breise a dhéanamh ó am go ham mar a bheidh réasúnta agus riachtanach chun dualgais an phoist a chomhlíonadh i gceart, de réir na dtéarmaíreacha atá leagtha amach sna rialacha um uaireanta oibre.

Saoire Bhliantúil

Ceadófar 25 lá saor sa bhliain, a mhéadóidh go dtí 29 lá tar éis seirbhís shásúil 5 bliana agus chuig 30 lá tar éis seirbhís 10 mbliana sa ghrád. Bunaítear an tsaoire bhliantúil, atá faoi réir na ngnáthchoinníollacha a bhaineann le ceadú saoire bhliantúla, ar sheachtain cúig lá agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh.

Saoire Bhreoiteachta

Sa chás nach bhfuil aon fhianaise ar bhuan-neamhábaltacht seirbhíse, féadfar pá iomlán a íoc le linn saoire bhreoiteachta atá deimhnithe i gceart ar bhonn pro-rata, de réir na bhforálacha atá sna ciorcláin lena mbaineann.

Beidh ar Oifigigh a íocann ráta Aicme A d'ÁSPC mandáid a shíniú ag tabhairt cead don Roinn Coimirce Sóisialaí aon leas atá i ndán faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc díreach leis an Roinn nó Eagraíocht chuí. Beidh cibé íocaíochtaí a dhéanfar le linn breoiteachta faoi réir ag an gcoinníoll go gcuireann an t-oifigeach na héilimh is gá ar shochar árachais shóisialaigh faoi bhráid na Roinne Coimirce Sóisialaí laistigh de na téarmaíreacha ama cuí.

Aoisliúntas agus Scor

Tabharfar na téarmaí agus na coinníollacha i dtaca le haoisliúntas atá i bhfeidhm ag an am sa Státseirbhís nuair a dhéantar an ceapachán don té a cheapfar. I gcoitinne, tairgfear ceapachán do cheapaí nár oibrigh riamh sa tSeirbhís Phoiblí mar bhall de Scéim Phinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (“Scéim Aonair”). Tá sonraí uile na Scéime ar fáil ag www.singlepensionscheme.gov.ie

Sa chás gur oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin seirbhíse poiblí (téarmaí scéime neamhshingil) sna 26 seachtaine roimh an gceapachán nó sa chás go bhfuil an ceapaí ar shos gairme nó ar shaoire speisialta faoi láthair le/gan phá is féidir go mbeadh coinníollacha difriúla i bhfeidhm. Socrófar teidíocht phinsin ceapaithe dá leithéid de réir cibé cuntas fostaíochta seirbhíse poiblí atá acu.

Is iad seo thíos na príomhfhórlacha maidir le ballraíocht den Scéim Aonair:

- **Aois Phinsin:** Ní íocfar pinsean go dtí go bhfuil duine 66 bliana d’aois, an aois ag a gcáilfionn duine faoi láthair don Phinsean Stáit.
- **Aois Scoir:** Ní mór do bhaill na scéime scor ag 70 bliain d’aois.
- Úsáidtear an meán-tuarastal le linn na gairme chun leas a áireamh (cuirtear suim phinsin agus cnapshuim le chéile gach bliain agus tugtar ráta nua dóibh gach bliain de réir an CPI).
- Tá méadú i bpinsean scoir an phoist ceangailte le CPI.

Lacáiste Pinsin

- Má bhí an ceapaí fostaithe cheana sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus ag saothrú pinsin ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó má thagann pinsean ón Státseirbhís/Seirbhís Phoiblí i bhfeidhm le linn a (h)athfhostaíochta, beidh an pinsean **faoi réir ag lacáiste** de réir Ailt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair faoi deara, le do thoil: Nuair a dhéanann tú iarratas ar an bpost seo glacann tú leis go dtuigeann tú go mbeidh an fhoráil do lacáiste, más cuí, i bhfeidhm. Ní cheaptar go nglacfaidh an Roinn/Oifig fostaithe le hiarratas ar athscaoileadh lacáiste i dtaca le ceapachán sa phost seo.**
- Má bhí an duine a cheaptar fostaithe cheana sa Státseirbhís, áfach, agus gur bronnadh pinsean orthu faoi shocruithe luathscoir deonacha (seachas Scéim Dhreasaithe Luathscoir (SDL), nó de Chiorclán 7/2010 Scéim Dheonach Luathscoir/SDI na Roinne Sláinte, nó de Chiorclán LG(P) 06/2013 den Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil, a fhágann nach bhfuil duine incháilithe don chomórtas), ní bheidh an duine a cheaptar i dteideal an phinsin sin ó dháta an athcheapacháin. Déanfar socruithe speisialta, áfach, ionas go gcuirfear san áireamh cibé iar-sheirbhís a thug an t-oifigeach go dtí seo chun críocha aon aoisliúntas a bhféadfadh an t-oifigeach a bheith i dteideal dóibh sa todhchaí.
- **Ciorclán 102/2007 na Roinne Oideachais agus Scileanna - Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí**

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Mar choinníoll den Scéim Luathscoir, seachas i gcásanna a leagtar amach in alt 10.2 agus 10.3 den chiorclán cuí agus sna cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shraitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus má fhostaítear iad ar dhóigh ar bith i réimse ar bith san earnáil phoiblí, cuirfear stad láithreach le híocaíocht phinsin don duine sin. Déanfar íocaíochtaí pinsin, áfach, nuair a chríochnóidh an fhostaíocht sin nó ar a 60ú lá breithe, cé acu is déanaí, ach nuair a thosóidh sé arís beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe

an duine mar mhúinteoir (.i. ní chuirfear na blianta breise a tugadh roimhe seo san áireamh nuair atá íocaíocht phinsin á háireamh).

- **Scor de Bharr Drochshláinte (SDS)**

Tabhair faoi deara gur gá do dhuine ar bith a chuaigh ar scor de bharr drochshláinte faoi théarmaí na scéime aoisliúntais a dheimhniú leis an eagraíocht a riarann an comórtas earcaíochta, ag an gcéad chéim den iarratas, go bhfuil siad ag fáil pinsin dá leithéid.

Ní mór d'iarrthóirí freastal ar oifig an Phríomhoifigigh Leighis chun go measfar a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus ag cur san áireamh an chúinse a cháiligh iad do Scor de Bharr Drochshláinte.

Ceapachán tar éis Scoir de bharr Drochshláinte ón Státseirbhís

Má éiríonn lena n-iarratas sa chomórtas, ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

1. Má cheaptar go bhfuil siad in ann seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus go sanntar iad i bpost, cuirfear deireadh lena bpinsean de bharr drochshláinte ón státseirbhís.
2. Má tharlaíonn ina dhiaidh sin go dteipeann orthu an promhadh a chomhlíonadh nó go socraíonn duine an post sannta a fhágáil, ní féidir a stádas SDS a fhreaschur nó a bpinsean SDS ón státseirbhís a bhí ann roimh an iarratas a thabhairt ar ais agus níl aon teidlíocht dá leithéid.
3. Beidh an t-iarratasóir ina b(h)all de Scéim Phinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí nuair a cheaptar iad má briseadh seirbhís inphinsin státseirbhíse/seirbhíse poiblí ar feadh níos mó ná 26 seachtaine.

Ceapachán tar éis scoir de bharr drochshláinte ón tseirbhís phoiblí:

1. I gcás go bhfuil duine éirithe as foras seirbhíse poiblí mar gheall ar dhrochshláinte, is féidir go ndéanfar athbhreithniú ar phinsean an duine sin ón bhfostaíocht sin de réir na rialacha a bhaineann le scor de bharr drochshláinte faoin scéim sin.
2. Má éiríonn le hiarratasóir, nuair a cheapfar iad, beidh ar an iarratasóir a dheimhniú an bhfuil siad ag fáil pinsin seirbhíse poiblí (drochshláinte nó eile) agus is féidir go laghdófaí an pinsean seirbhíse poiblí.
3. Beidh an t-iarratasóir ina b(h)all de Scéim Phinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí nuair a cheaptar iad má briseadh seirbhís inphinsin státseirbhíse/seirbhíse poiblí ar feadh níos mó ná 26 seachtaine.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil níos mó eolais maidir le himpleachtaí pinsin dóibh siúd atá ag fáil pinsin seirbhíse poiblí nó státseirbhíse ar fáil ag [tríd an nasc seo](#) nó ar iarratas ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Fabhrú Pinsin

Beidh teorainn 40 bliain seirbhíse san iomlán gur féidir a áireamh do phinsean i gceist sa chás go raibh duine ina b(h)all de níos mó ná scéim phinsin seirbhíse poiblí amháin a bhí ann cheana (.i. Scéim neamh-shingil) de réir Acht 2012. Foráiltear don teorainn 40 bliain seo san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Is féidir go mbeidh impleachtaí aige

sin do dhuine ar bith le ceapadh a shaothraigh cearta pinsin ó fhostaíocht cheana sa tSeirbhís Phoiblí.

Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Eile

Tá an ceapachán ag brath ar Ranníocaíochtaí Aoisliúntais sa Bhreis (RAB) de réir an Achta um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. Nóta; Déantar aibhaintí RAB i dteannta le haon ranníocaíochtaí pinsin (príomhscéim agus ranníocaíochtaí céile agus leanaí) atá riachtanach faoi rialacha do scéime pinsin.

Tá tuilleadh eolais faoin Scéim Phinsin Shingil do Sheirbhísigh Phoiblí ar fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie

Rúndacht agus Caighdeán Iompair Rúndacht Oifigiúil agus Ionracas:

Beidh an ceapaí, le linn théarma a cheapacháin, ag feidhmiú faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997, 2003 agus 2014. Aontóidh an t-oifigeach gan aon fhaisnéis rúnda a scaoileadh le tríú páirtí, bíodh sé sin le linn na tréimhse fostaíochta nó ina diaidh.

Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse

Beidh an té a cheapfar faoi réir Chód na Státseirbhíse um Chaighdeán agus Iompar.

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí

Beidh na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí i bhfeidhm, más cuí, san fhostaíocht seo.

Ceadú roimh ré maidir le foilseacháin:

Tabharfaidh an t-oifigeach geallúint gan aon ábhar a bhfuil baint aige le dualgais oifigiúla a fhoilsiú gan chead ó Cheannasaí na Roinne nó ó oifigeach eile leis an údarás cuí.

Gníomhaíocht Pholaitiúil:

Le linn na tréimhse fostaíochta beidh an t-oifigeach faoi réir ag na rialacháin a rialaíonn seirbhísigh phoiblí agus cursaí polaitíochta.

Tabhair faoi deara, le do thoil:

Mar Fhostóir de Rogha, tá a lán polasaithe solúbtha agus polasaithe a oireann do theaghlaigh ag an Státseirbhís, lena n-áirítear roinnt deiseanna le cianobair a dhéanamh. Bí ar an eolas gur féidir le hiarrthóirí a n-éiríonn leo iarratas a dhéanamh ar dheiseanna oibre, ach gurb é an fostóir a dhéanann cinntí faoi na deiseanna agus go ndéantar iad i gcomhréir le riachtanais ghnó na heagraíochta agus de réir an cháis.

FÓGRA TÁBHACHTACH

Is iad sin thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé ar intinn gur liosta cuimsitheach atá ann de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta ar fad a bheidh leagtha amach sa chonradh fostaíochta a aontófar leis an iarrthóir a cheapfar.

Ní foláir d'iarrthóirí a thuiscint go ndéanfar duine a dhícháiliú de thoradh canbhasála agus go ndéanfar iad a eisiáimh ón bpróiseas dá dheasca.

Eolas Ginearálta

Ní bheidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí freagrach as aon chostas a tharraingíonn iarrthóirí orthu féin a íoc ar ais.

Má ligtear do dhuine iarratas a dhéanamh ar chomórtas nó má thugtar cuireadh chuig agallamh dóibh nó litir ag rá gur éirigh leo, ní hionann sin agus a rá go nglacann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí leis go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais.

Sula moltar iarrthóir ar bith do cheapachán sa phost seo, déanfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí gach fiosrú atá riachtanach, dar léi, m.sh. sláinte, dea-cháil, teistiméireachtaí ó fhostóirí, fiosrú slándála (scrúdú idirnáisiúnta san áireamh), nó aon fhiosrú eile cuí le cinneadh a dhéanamh faoi oiriúnacht an iarrthóra sin. Ní féidir socrú deiridh a dhéanamh, nó ní féidir glacadh leis go bhfuil socrú deiridh déanta, go dtí go mbeidh gach staid den phróiseas earcaíochta críochnaithe go hiomlán.

Iarratais ar Athsceidealú

Ní phléifear le hiarratais ar athsceidealú ach i gcásanna fóreisceachtúla de réir mar a shocraíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (m.sh. Bás/Tinneas). Bí ar an eolas gur féidir go lorgóidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí tacaíocht i ndoiciméad mar fhianaise. Maidir le hiarrthóirí a dtugtar cead dóibh cuid den phróiseas roghnaithe a athsceidealú, tabharfar áit dóibh sa ghrúpa ar athsceideal agus ní chuirfear iad ar ais sa ghrúpa ina raibh siad ar dtús. Ba chóir iarratais a sheoladh chuig graduate@publicjobs.ie

Critéir ar leith an iarrthóra

Chomh maith leis na cáilíochtaí riachtanacha, ba chóir na nithe seo a bheith ag an iarrthóir:

- An t-eolas agus an cumas a bheith acu le dualgais an phoist atá i gceist a chomhlíonadh;
- A bheith oiriúnach ó thaobh sláinte agus dea-cháil de;
- A bheith oiriúnach ar gach slí eile do cheapachán sa phost atá i gceist.

Má éiríonn leo, ní cheapfar iad ach mar seo:

- Go n-aontaíonn siad dualgais an phoist a chomhlíonadh agus go nglacann siad leis na coinníollacha a bhaineann le, nó a d'fhéadfadh a bheith bainteach le dualgais an phoist a chomhlíonadh;
- Go bhfuil siad iomlán iniúil, ar fáil le agus in ann na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

Ceapacháin ó Phainéal agus Próiseas na Seiceálacha Réamhfhostaíochta

Ag deireadh an phróisis roghnaithe bunaítear painéa(i)l d'iarrthóirí cáilithe as ar féidir go líonfar folúntais.

Cuirtear iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu, dar leis an tSCP, ar phainéal tar éis doibh an measúnú a dhéanamh, m.sh. Triail(acha), Agallamh, Cur i Láthair srl. Is féidir go mbeidh grúpaí éagsúla ann ar an bpainéal, mar tugtar grúpaí iarrthóirí tríd an bpróiseas measúnaithe, bunaithe ar éileamh ó chliaint. De reir mar a thagann folúntais chun cinn, líonfar ón bpainéal iad. Is féidir go mairfidh an painéal ar feadh 12 mhí.

Má chuirtear iarrthóir ar phainéal, beidh orthu fanacht go dtí go dtagann folúntas chun cinn a thagann lena n-áit san ord fiúntais. Cuirtear iarrthóirí i ngrúpaí ag brath ar an ord fiúntais; ní mór d'iarrthóirí a thuiscint, mar sin, gur féidir go mbeadh grúpaí i bhfeidhm sula gcuirtear a ngrúpa féin le chéile agus gur féidir go mbeadh tionchar aige sin ar n-áit ar an bpainéal.

Ní féidir leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a rá cé mhéad folúntas a líonfar le linn thréimhse an phainéil, agus tá seans ann nach mbainfí d'áitse san ord fiúntais amach. **Níl aon chinnteacht ann** go gcheapfar duine i bpost má cháilíonn siad nó má chuirtear iad ar phainéal.

Más rud é go mbaintear d'áitse ar an bpainéal amach agus go gcuirtear faoi mheas thú do phost, ní mór tabhairt faoi roinnt seiceálacha réamhfhostaíochta sula gceptar iarrthóir i bpost. Déantar na seiceálacha seo ionas gur féidir leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a dheimhniú go gcomhlíonann an t-iarrthóir na riachtanais uilig. Sula moltar aon iarrthóir do cheapachán sa phost seo, déanfaidh an tSCP gach fiosrúchán a bhfuil gá leis chun oiriúnacht agus cáilitheacht an iarrthóra sin a shocrú. Déantar measúnú ar do cháilitheacht ghinearálta, do cháilíochtaí, do shláinte agus do dhea-cháil (lena n-áirítear Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus imréiteach

slándála d'am a chaith tú thar lear) agus do chúlra fostaíochta. Má tú fostaithe faoi láthair, tabhair faoi deara go mbeidh sé riachtanach teistiméireacht a fháil ó d'fhostóir reatha sula gceaptar thú ón bpainéal. Lorgófar an teistiméireacht sin sna staideanna deiridh de phróiseas na seiceálacha réamhfhostaíochta.

Tabhair faoi deara: is í staid na Seiceálacha Réamhfhostaíochta an staid dheireanach den phróiseas earcaíochta agus roghnaithe. Ní féidir socrú deiridh a dhéanamh nó ní féidir glacadh leis go bhfuil socrú deiridh déanta, go dtí go mbeidh gach staid den phróiseas earcaíochta críochnaithe go hiomlán. Sa chás nach bhfuil na nithe seo sásúil nó nach féidir riachtanais staid na seiceálacha réamhfhostaíochta a chomhlíonadh, tá sé de cheart ag an tSCP iarrthóir a chur as an áireamh do cheapachán nó fostaíocht a chur ar ceal sa chás go raibh ceapachán déanta cheana.

Nuair atá próiseas na seiceálacha réamhfhostaíochta comhlíonta ag iarrthóir, ceapfar iad ón bpainéal. Tabhair faoi deara: nuair a eisítear fógra ceapacháin, glactar leis gur ceapadh iarrthóir agus ní chuirfear faoi mheas iad ón bpainéal arís, nó d'aon sraith eile ar chuir siad isteach uirthi.

Cóiríocht Réasúnta san Ionad Oibre

Má tá iarrthóir faoi mhíchumas agus dá mba mhaith leo go gcuirfeadh an fostóir ionchasach cóiríocht réasúnta i bhfeidhm, beidh an deis acu Foirm Iarratais ar Chóiríocht Réasúnta a chomhlíonadh ag staid na seiceálacha réamhfhostaíochta. Tá cuid mhór buntáistí ag baint le míchumas a nochtadh – tugann sé deis d'fhostóirí cabhrú leat barr do chumais a bhaint amach sa ról agus an chóiríocht agus an tacaíocht atá ag teastáil uait a fháil. Má tá tú faoi mhíchumas agus má shocraíonn tú gan é sin a nochtadh, is féidir nach mbeidh d'fhostóir in ann cóiríocht réasúnta a chur i bhfeidhm, a chabhródh leat do ról a chomhlíonadh.

Nuair a mheastar iarrthóireacht a bheith tarraingthe siar

Ní chuirfear faoi mheas níos mó iarrthóirí nach gcomhlíonann nó nach gcuireann na Measúnuithe ar Líne isteach roimh an dáta a shonraítear; nó nach bhfreastalaíonn/ nach gcomhlíonann aon staid ina dhiaidh den phróiseas roghnaithe nó ar agallamh nó ar thriail eile nuair a iarrann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a leithéid, nó nach dtugann aon fhianaise a lorgaíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le haon ghné dá n-iarrthóireacht.

Ní mór d'iarrthóirí gach doiciméad, foirmeacha a eisíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí san áireamh, a sholáthar taobh istigh de chúig lá. Mura ndéantar seo, glactar leis gur tharraing an t-iarrthóir as an gcomórtas agus ní thabharfar aon aird ar a n-iarrthóireacht a thuilleadh.

Tairiscint ar cheapachán a dhiúltú

Sa chás go ndiúltaíonn an duine a mholtar do cheapachán don cheapachán sin, nó má éiríonn siad as tar éis dóibh glacadh leis an gcheapachán, féadfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, mar is toil leo, duine eile a roghnú agus a mholadh le ceapadh de thoradh an chomórtais seo. Tógfar an duine a dhiúltaigh don cheapachán ón bpainéal agus ní phléifear níos mó lena n-iarratas.

Rúndacht

Is féidir le hiarrthóirí a bheith cinnte go bpléitear le gach fiosrúchán, iarratas agus gach gné den phróiseas a bhainistíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le hardrúndacht de réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint, áfach, gur féidir go dtabharfaí gach ábhar iarratais don údarás/eagraíocht fostaithe. Baintear míreanna áirithe eolais, nach mbaineann le duine faoi leith ar bith, as cuntais ríomhaire ar chúiseanna ginearálta staidrimh.

Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí

Tá sé mar aidhm ag an tSCP seirbhís den scoth a chur ar fáil dár gcustaiméirí ar fad. Má tá tú míshásta, ar chúis ar bith, le gné ar bith den tseirbhís a chuirtear ar fáil duit, iarraimid ort an t-ábhar a chur faoi bhráid an aonaid nó an chomhalta foirne atá i gceist. Tá sé tábhachtach go

ndéanfaí amhlaidh de bhrí go gcinntíonn sé go bhfuilimid ar an eolas faoin bhfadhb agus gur féidir gníomhú chun an scéal a réiteach.

Fearas Taifeadta a Úsáid

Ní cheadaíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí aon fhearas taifeadta a úsáid ina foirgneamh nó in áit ar bith ina mbíonn measúnú/trialacha/agallaimh srl ar siúl, m.sh. agallaimh físe, teileachomhdháil. Baineann sin le taifeadadh fuaimne ar bith nó pictiúr socair nó taifeadadh físeáin de chineál ar bith cé acu an bhfuil taifeadadh fuaimne i gceist nó nach bhfuil agus tá gach cineál feiste a úsáidtear don chuspóir sin i gceist. Ní mór do dhuine ar bith ar mhian leo fearas dá leithéid a úsáid do cheann ar bith de na cúiseanna seo cead scríofa a lorg roimh ré. Tá an polasaí seo i bhfeidhm chun príobháideachtas na mball foirne agus na n-iarrthóirí/gcliant a chosaint chomh maith le hionracas an ábhair mheasúnaithe agus na bpróiseas measúnaithe. Duine ar bith a úsáideann fearas taifeadta mar seo gan chead, tá an duine sin ag sárú an pholasaí seo. Is féidir iarrthóir ar bith a dhéanann sárú dá leithéid a dhícháiliú ón gcomórtas agus d'fhéadfaí an t-iarrthóir sin a ionchúiseamh faoi alt 55 den Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.

Nós imeachta nuair a lorgaíonn iarrthóir athbhreithniú ar Chinneadh a rinneadh i dtaca lena n-iarratas

Is féidir le hiarrthóir athbhreithniú a lorg má tá siad míshásta le cinneadh nó gníomh a rinne an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP). Déanfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí iarratais ar athbhreithniú a mheas de réir fhorálacha **Ailt 7** na gCód Cleachtais do *Cheapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí* a fhoilsíonn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (an Coimisiún). Nuair a dhéantar iarratas ar athbhreithniú, ní mór don iarrthóir na fíricí a thaispeánann, dar leo, go raibh an gníomh nó cinneadh a rinneadh mícheart a chur i láthair. Is féidir go ndiúltófar iarratas ar athbhreithniú murar féidir leis an iarrthóir fíricí a chur i láthair maidir lena gcás.

Molann an Coimisiún sa chás go gceapann an duine sa phost (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí sa chás seo) gur féidir an cheist a réiteach gur chóir tabhairt faoi ar bhonn neamhfhoirmiúil, sula dtugtar faoi trí athbhreithniú foirmiúil, má aontaíonn an t-iarrthóir.

Nós imeachta d'Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil

- Ní mór iarratas ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil a dhéanamh taobh istigh de 5 lá oibre ó fuarthas toradh an chinnidh, agus de ghnáth ba chóir go dtarlódh sé idir an t-iarrthóir agus ionadaí de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a raibh baint mhór acu leis an bpróiseas roghnaithe.
- Sa chás go mbaineann an cinneadh le staid eatramhach den phróiseas roghnaithe, caithfear an t-iarratas ar athbhreithniú neamhfhoirmiúil a fháil laistigh de 2 lá oibre ón dáta a bhfuarthas an cinneadh.
- Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós tar éis díospóireacht neamhfhoirmiúil, is féidir leo dul leis an modh oibre thíos.
- Más mian leis an iarrthóir go bpléifí leis an gceist trí athbhreithniú foirmiúil, ní mór dóibh é sin a dhéanamh laistigh de 2 lá oibre ón dáta ar fógraíodh an t-athbhreithniú neamhfhoirmiúil.

Nós imeachta d'Athbhreithniú Foirmiúil den Phróiseas Roghnaithe

- Ní mór don iarrthóir a g(h)eará(i)n maidir leis an bpróiseas a chur i scríbhinn chuig an bPríomhfheidhmeannach ag léiriú na bhfíricí a thaispeánann go raibh gníomh nó cinneadh mícheart.
- Ní mór gearán nó iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh laistigh de 10 lá oibre tar éis fhógra an chéad chinnidh. Sa chás go mbaineann an cinneadh le céim eatramhach den phróiseas earcaíochta, ní mór an t-iarratas a fháil laistigh de 4 lá oibre.

- Ní féidir síneadh ar na teorainneacha ama seo a cheadú ach amháin i gcás imthosca atá neamhchoitianta ar fad agus is é an Príomhfheidhmeannach amháin a dhéanfaidh an cinneadh, mar is toil leis.
- Ní foláir an toradh a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre tar éis an gearán nó an t-iarratas ar athbhreithniú a fháil.

Próiseas Gearáin

Is féidir go gceapfadh iarrthóir gur sháraigh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí Cód Cleachtais an Choimisiúin a d'fhéadfadh cur as d'ionracas an chinnidh a rinneadh sa phróiseas ceapacháin. Tríd an bpróiseas gearáin is féidir le hiarrthóir (nó duine a d'fhéadfadh a bheith ina iarrthóir) gearán a dhéanamh faoi **Alt 8** chuig Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, ar dtús, agus chuig an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ina dhiaidh sin ar achomharc sa chás go bhfuil siad míshásta fós.

- Ba chóir líomhaintí faoi shárú na gCód Cleachtais a chur i scríbhinn agus gan mhoill chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar dtús. Ní mór don ghearánaí na fíricí siad a léiríonn, dar leo, go raibh an próiseas mícheart a chur i láthair. Ní mór don ghearánaí an ghné den Chód a sáraíodh, dar leo, a shainaithint agus aon doiciméad ábhartha a chabhródh lena líomhain a chur leis. Is féidir go gcaithfear amach gearán ar bith murar féidir leis an ngearánaí tacaíocht a thabhairt dá líomhaintí trí thaispeáint conas nár chomhlíon an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí prionsabail an Chóid seo.
- Nuair a fhaigheann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí gearán is féidir go ndéanfaidh siad socrú déileáil leis an ngearánaí ar bhonn neamhfhoirmiúil.

Tá tuilleadh eolais faoin nós imeachta thuas ar fáil sa Chód Cleachtais do *Ceapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí* atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí www.cpsa.ie

Níl aon dualgas ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an próiseas ceapacháin a stad a fhad is atá siad ag plé le hathbhreithniú. Bí ar an eolas i gcás gur tharla athbhreithniú foirmiúil de phróiseas earcaíochta agus roghnaithe faoi Alt 7 den Chód Cleachtais, ní féidir leis an ngearánaí athbhreithniú eile a lorg faoi Alt 8 seachas i gcásanna fioreisceachtúla ar fad a shocróidh an Coimisiún ar a thoil.

Iarratais ar Aiseolas/Thrialacha a Athsheiceáil

Tá aiseolas maidir leis an bpróiseas roghnaithe ar fáil má lorgaítear é i scríbhinn. Is féidir aiseolas agus athscrúdú a lorg go dtí sé mhí tar éis chríochnú gach staid den chomórtas.

Tabhair faoi deara, áfach, gur próiseas eagsúil é an Próiseas Athbhreithnithe mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais agus go bhfuil tréimhse ama ar leith ar gá cloí leis i gceist. Níl sé riachtanach aiseolas/athscrúdú a fháil chun athbhreithniú a lorg. Ní gá d'iarrthóir cás mionsonraithe a chur le chéile sula gcuirtear tús le hachomharc. Ní féidir an tréimhse ama atá leagtha amach i gCód an CCSP a shíneadh ar chúis ar bith, lena n-áirítear aiseolas agus/nó torthaí athscrúduithe.

Dualgais na nIarrthóirí:

Níl cead ag iarrthóirí:

- eolas bréagach a thabhairt go feasach nó go meargánta
- duine ar bith a chanbhasáil, le haslú nó gan aslú
- iarrthóir a phearsanú ag céim ar bith den phróiseas
- cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach nó cur as dó

Cód Cleachtais a Shárú

Aon duine a sháróidh na forálacha thuas, nó a chuideoidh le duine éigin eile na forálacha thuas a shárú, tá an duine sin ciontach i gcion. Is féidir fineáil agus/nó príosúnacht, a chur ar dhuine atá ciontach i gcion.

Ina theannta sin, i gcás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion,

- dícháileofar iad mar iarrthóir agus tógfar amach as an gcomórtas iad;
- má ceapadh iad i bpost tar éis an phróisis roghnaithe, cuirfear as an bpost iad.

Rúndacht maidir le hEolas agus hÁbhair

Ní mór a chuimhneamh go bhfuil próiseas iomaíoch i gceist don phost agus go bhfuil an t-ionracas fíorthábhachtach. Is féidir go ndícháileofar duine ón gcomórtas mar gheall ar ábhar scrúdaithe a roinnt le duine eile m.sh. trí na meáin shóisialta nó ar shlí ar bith eile.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil gach triail agus ábhar trialach faoi réir ag cóipcheart agus tá cosaint ar gach ceart. Ní féidir aon chuid den ábhar measúnaithe (sleachta eolais san áireamh agus roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann do cheisteanna agus fhreagraí) nó ábhar bainteach agus/nó ábhar agallaimh a atáirgeadh nó a chraoladh i bhfoirm ar bith nó trí mhodh ar bith, lena n-áirítear modh leictreonach nó meicniúil, fótachóipeáil, priontáil, taifeadh, scríofa nó eile, ag staid ar bith. Is coir é seo a dhéanamh agus is féidir go bhfágfaí as an bpróiseas roghnaithe thú dá bharr. Má bhriseann duine ar bith an fhoráil seo, nó má chuidíonn siad le duine(daoine) eile an fhoráil seo a bhriseadh, is féidir go gcuirfí an dlí agus/nó agra sibhialta ar an duine sin as cailteanas cóipchirt nó maoiné intleachtúla.

Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS)

Tháinig an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) isteach ar an 25 Bealtaine 2018 in ionad an chreata um chosaint sonraí a bhí i bhfeidhm faoi Threoir um Chosaint Sonraí an AE.

Nuair a chláraíonn tú ar publicjobs.ie nó má chuireann tú iarratas isteach, is féidir linn taifead ríomhaire a chruthú faoi d'ainm. Úsáidtear eolas a chuireann tú isteach le d'iarratas ar phost chun d'iarratas a phróiseáil. Má bhaintear úsáid as tríú páirtí chun d'iarratas a phróiseáil, is féidir go mbeidh sé riachtanach eolas a thabhairt dóibh agus déanfar gach iarracht a chinntiú go bhfuil na sonraí slán. Má roghnaítear thú ón gcomórtas earcaíochta agus roghnaithe, is féidir go gcuirfear d'iarratas ar fáil do rannóg na nAcmhainní Daonna san eagraíocht inar sannadh thú.

Le hiarratas a dhéanamh le teacht ar do shonraí pearsanta, cuir iarratas isteach i ríomhphost chuig: dpo@publicjobs.ie ag cinntiú go ndéanann tú cur síos suntasach ar na taifid a theastaíonn uait chun gur féidir linn an taifead(na taifid) cuí a aithint.

Tá eolas maidir le sonraí iarrthóra atá i seilbh na Seirbhísí um Cheapacháin Phoiblí leagtha amach ar leathanach Cosaint Sonraí de www.publicjobs.ie.

Canbhasáil

Ní foláir d'iarrthóirí a thuiscint go ndéanfar duine a dhícháiliú de thoradh canbhasála agus go ndéanfar iad a eisiáil ón bpróiseas dá dheasca.

Aguisín 1

Inniúlachtaí an Anailísí Beartais/Eacnamaí Céimithe i Seirbhís Eacnamaíochta agus Measúnaithe Rialtas na hÉireann.

Táscairí Feidhmíochta Éifeachtaí

Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt

Forbraíonn an duine anaineolas atá riachtanach chun an ról a chomhlíonadh ar ardchaighdeán agus roinneann an duine é le daoine eile

Tá sé/sí réamhghníomach agus é/i á c(h)oimeád féin ar an eolas faoi cheisteanna agus faoi fhorbairtí tábhachtacha ar féidir leo tionchar a bheith acu ar a réimse féin, ar an Roinn agus/nó ar an tseirbhís phoiblí i gcoitinne

Táaineolas suntasach ag an duine ina réimse féin a aithníonn agus a úsáideann comhghleacaithe

Tuigeann an duine go soiléir an ról, na spriocanna agus na haidhmeanna agus conas a oireann siad d'obair an aonaid agus na Roinne/na hEagraíochta.

Déanann an duine athbhreithniú rialta ar a c(h)uid oibre féin agus tugann siad aidhmeanna agus spriocanna dúshlánacha dóibh féin

Anailís Beartais

Tá sé/sí oilte maidir le hanailís agus forbairt a dhéanamh, na tuairimí atá i bhfeidhm a cheistiú agus cur chuige leathanaigeanta a ghlacadh.

Cuireann an duine le forbairtí beartais ina réimse féin agus sa Roinn/Eagraíocht i gcoitinne

In ann tuiscint a fháil ar cheisteanna casta gan mhoill, tuigeann an duine an t-eolas/sonraí cuí (scríofa agus béil) gan mhoill

Úsáideann an duine sonraí uimhriúla go cliste chun tuiscint a fháil agus measúnú a dhéanamh ar cheisteanna gnó. Aithníonn an duine téamaí agus patrúin tábhachtacha i bhfoinsí éagsúla eolais, ag baint tuairimí stuama agus cothroma astu

Bíonn tuairim ag an duine faoi cheisteanna a cheaptar atá tábhachtach agus cuireann siad go gníomhach le réimsí éagsúla

Tuigeann an duine na torthaí loighciúla a tharlaíonn mar gheall ar sheasamh áirithe a ghlacadh ar cheisteanna

Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide

Déanann an duine cumarsáid go líofa, go loighciúil agus go soiléir ó bhéal agus i scríbhinn

In ann éisteach go héifeachtach agus comhrá sa dá threo a fhorbairt gan mhoill

Dírítear ar riachtanais na gcustaiméirí inmheánacha agus seachtracha a shásamh i gcónaí

In ann tionchar a imirt ar dhaoine eile chun beart a dhéanamh

Oibríonn an duine chun tuiscint a chothú le daoine eile chun gur féidir oibriú i gcomhar le daoine eile

Baineann an duine an obair is fearr as an bhfoireann, ag spreagadh freagrachta, ag tabhairt tacaíochta agus ag obair go héifeachtach le daoine eile

sé/sí Oibríonn go héifeachtach le páirtithe leasmhara éagsúla chun aidhmeanna a bhaint amach

Cinntí a Dhéanamh agus Torthaí a Sholáthar

Freagrach go pearsanta as aidhmeanna/spriocanna comhaontaithe agus baineann an duine iad amach

Déanann an duine tionscadail éagsúla agus gníomhaíochtaí oibre a chur chun cinn agus a bhainistiú go rathúil

Déanann sé/sí meastachán cruinn ama faoi thionscadail agus déanann sé/sí bainistíocht éifeachtach ar a c(h)uid ama féin, bíonn sé/sí ag faire maidir le fadhbanna agus

agus déanann sé/sí plean chun déileáil leo

Tá an duine solúbtha agus toilteanach athrú agus cur go dearfach le hathruithe a chur i bhfeidhm

Duine atá seiftiúil agus cruthaitheach agus a cheapann modhanna nuálacha chun fadhbanna a réiteach agus cinntí a dhéanamh

Cinntíonn an duine go bhfuil an obair ar fad ar ardchaighdeán agus éifeachtach

Úsáideann an duine acmhainní go héifeachtach agus bíonn an duine i gcónaí ag iarraidh na próisis a fheabhsú

Duine atá seiftiúil agus cruthaitheach agus a cheapann modhanna nuálacha chun fadhbanna a réiteach agus cinntí a dhéanamh

Díograis agus Tiomantas do Chaighdeán Seirbhíse Poiblí

Dírítear ar riachtanais na gcustaiméirí a shásamh i gcónaí

Déanann an duine tréanarracht faoi bhrú agus ní chuireann cáineadh nó dul ar gcúl ag an obair isteach orthu

Léiríonn an duine sár-nuálaíocht, tógann siad ceannasaíocht ar thionscadail agus léiríonn siad neamhspleáchas

Anailísí Polasaithe/Eacnamaí le Céim i Seirbhís Eacnamaíochta agus Measúnaithe Rialtas na hÉireann (SEMRÉ).

CID: 21240808

Tá an duine ionraic go pearsanta agus is féidir brath orthu
Tugann an duine tús áite don saoránach i ngach próiseas agus córas
Iompraíonn an duine iad féin go hionraic agus go héiticíúil
Tá an duine tiomanta dona bheith ag feidhmiú go leanúnach ar ardchaighdeán

Aguisín 2

EOLAS TÁBHACHTACH Téarmaí agus Coinníollacha

Dírítear d'aird ar an eolas tábhachtach seo a leanas. Nuair a chuireann tú iarratas isteach, nó má lorgaíonn tú nó má dhéanann tú iarracht ábhar trialach a lorg, aontaíonn tú go nglacann tú leis na téarmaí thíos:

1. Tá gach triail agus ábhar trialach faoi réir ag cóipcheart agus tá cosaint ar gach ceart. Ní féidir aon chuid de na trialacha/ábhair measúnaithe (aon téacs san áireamh agus/nó roghnanna a d'fhéadfadh a bheith ann do fhreagraí) nó ábhar bainteach (lena n-áirítear ábhar cleachtaidh agus/nó taithíochta) a atáirgeadh nó a chraoladh i bhfoirm ar bith nó trí mhodh ar bith lena n-áirítear modh leictreonach nó meicniúil, fótachóipeáil, priontáil, taifeadadh, scríofa nó eile, ag staid ar bith. Is coir é seo a dhéanamh agus is féidir go bhfágfaí as an bpróiseas roghnaithe thú dá bharr. Má bhriseann duine ar bith an fhoráil seo, cé acu an t-iarrthóir nó duine eile iad, nó a chuidíonn le duine(daoine) eile an fhoráil seo a bhriseadh, is féidir go gcuirfí an dlí agus/nó agra sibhialta orthu as cailteanas cóipchirt nó maoin intleachtúil.
2. Féach ar Chód Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí do Cheapacháin i bPoist sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí. Féach go háirithe ar an nóta i gCuid 5 – Dualgais na nIarrthóirí (féach thíos).

Canbhasáil

Ba chóir fios a bheith ag iarrthóirí go ndícháileofar agus go mbainfear as an bpróiseas ceapacháin iad as canbhasáil a dhéanamh nó iarraidh ar dhaoine canbhasáil ar a son.

Dualgais na nIarrthóirí:

Níl cead ag iarrthóirí sa phróiseas earcaíochta:

- Eolas bréagach a thabhairt go feasach nó go meargánta
- Duine ar bith a chanbhasáil, le haslú nó gan aslú
- Cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach nó cur as dó.

Níl cead ag tríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag aon staid den phróiseas.

Beidh pionóis i gceist sa chás nach gcloítear leis na forálacha seo.

Aon duine a sháróidh na forálacha thuas, nó a chuideoidh le duine éigin eile na forálacha thuas a shárú, tá an duine sin ciontach i gcion. D'fhéadfaí fineáil nó príosúnacht, nó iad araon, a chur ar dhuine atá ciontach i gcion.

I gcás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion:

- sa chás nach bhfuil siad ceaptha chuig post, dícháileofar iad mar iarrthóir
- Sa chás gur ceapadh an duine de thoradh an phróisis earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh siad an ceapachán sin.

3. Má ligtear do dhuine iarratas a dhéanamh ar an bhfeachtas seo, nó má thugtar

cuireadh tabhairt faoi aon ghné den phróiseas roghnaithe, ní hionann sin agus a rá go nglacann an tSeirbhís um Cheapacháin Poiblí leis go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais ar fad.